Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11545/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0208 (NLE)**

**UD 155**
**COEST 575**
**CID 1**
**TRANS 299**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 387 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh (AE) sa Chomhchoiste AE-Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais (TCI) a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i dtaca le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin sin agus a mhéid a bhaineann le glacadh na gcinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach tar éis do Phoblacht na Moldóive agus do Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún sin. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 387 final.

Faoi iamh: COM(2025) 387 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.7.2025
COM(2025) 387 final

2025/0208 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh (AE) sa Chomhchoiste AE-Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais (TCI) a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i dtaca le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin sin agus a mhéid a bhaineann le glacadh na gcinntí lena leasáitear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach tar éis do Phoblacht na Moldóive agus do Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún sin.**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais AE-TCI[1] a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú[2], agus laistigh den Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[3] ('na Comhchoistí AE-TCI'), i ndáil leis na Cinntí atá beartaithe a ghlacadh ag gach ceann de na Comhchoistí a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú agus don Choinbhinsiún maidir leis an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach ('na Coinbhinsiúin').

Thairis sin, baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-TCI um earraí faoi bhealach ('an Comhchoiste') i ndáil leis na Cinntí atá beartaithe a ghlacadh ag an gComhchoiste maidir le roinnt Iarscríbhinní i bhFoscríbhinní III agus IIIa a ghabhann le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a leasú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Na Coinbhinsiúin

Is éard is aidhm do na Coinbhinsiúin gluaiseacht earraí a éascú idir an tAontas Eorpach agus tíortha eile, ar Páirtithe Conarthacha iad sna Coinbhinsiúin. Tháinig siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

Tá an tAontas Eorpach (seachas a Bhallstáit aonair) ina pháirtí sna Coinbhinsiúin lena mbunaítear bearta lena n-éascaítear gluaiseacht earraí idir an tAontas Eorpach, Poblacht na hÍoslainne, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise, Poblacht na Tuirce, Poblacht na Seirbia, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Úcráin agus an tSeoirsia.

Is tíortha comhchoiteanna idirthurais ('TCI') iad tíortha ar Páirtithe Conarthacha iad sna Coinbhinsiúin, ach nach Ballstáit den Aontas iad.

### 2.2. Tá na Comhchoistí

Is é an cúram atá ar na Comhchoistí AE-TCI na Coinbhinsiúin a riar agus a gcur chun feidhme cuí a áirithiú. Iarrann na Coistí, trí bhíthin cinnidh, ar thríú tíortha aontú do na Coinbhinsiúin.

Is trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe Conarthacha a ghlactar cinntí na gComhchoistí AE-TCI.

### 2.3. An gníomh ó na Comhchoistí atá beartaithe

Chuir Poblacht na Moldóive agus Montainéagró in iúl gur mhian leo aontú do na Coinbhinsiúin nuair a bheidh na ceanglais comhlíonta acu, mar atá na ceanglais dhlíthiúla,

---

1 Tíortha Comhchoiteanna idirthurais
2 IO L 134, 22.05.1987, lch. 2.
3 IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

struchtúracha agus teicneolaíochta faisnéise, ar réamhchoinníollacha iad le haghaidh aontachais.

I gcomhréir le forálacha Airteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus le forálacha Airteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, iarrfaidh na Comhchoistí AE-TCI, trí bhíthin cinnidh, ar thríú tír, de réir bhrí Airteagal 1(2) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú agus Airteagal 3(1)(c) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, aontú do na Coinbhinsiúin i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 11 agus Airteagal 15a faoi seach.

Seolann na Comhchoistí AE-TCI iarrataí den sórt sin nuair atá na tíortha ann cloí leis na rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm fhorálacha na gCoinbhinsiún.

Agus sainordú acu ó na meithleacha AE-TCI maidir le hearraí faoi bhealach agus le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, d’fhíoraigh na foirne faireacháin, i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2025 faoi seach, go bhfuil Poblacht na Moldóive agus Montainéagró go hiomlán ar an mbóthar ceart chun dul isteach sa Choinbhinsiún. Scrúdaigh na foirne, den chuid is mó, oiriúnú na struchtúr is gá chun bainistíocht a dhéanamh ar nós imeachta agus ar chur chun feidhme an Chórais Nua Ríomhairithe Idirthurais lena gceadaítear an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a chur i bhfeidhm. Leanfaidh siad de sin a dhéanamh le haghaidh na n-ullmhúchán atá fágtha.

Ag na chéad seisiúin eile a bheidh acu nó trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, tá sé beartaithe ag na Comhchoistí AE-TCI Dréachtchinntí Uimh. [1] agus [2]/2025 ón gComhchoiste AE-TCI maidir le foirmiúlachtaí i leith dtrádáil earraí a shimpliú agus Dréachtchinntí Uimh. [1], [2], [3] agus [4]/2025 ón gComhchoiste AE-TCI um earraí faoi bhealach a ghlacadh chun a iarraidh ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin a luaithe agus atá na tíortha réidh chun sin a dhéanamh.

Baineann an togra freisin le leasú a dhéanamh ar roinnt Iarscríbhinní i bhFoscríbhinní III agus IIIa a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, Iarscríbhinní a bhaineann le haontachas Phoblacht na Moldóive agus Mhontainéagró leis an gCoinbhinsiún sin. Is de chineál teicniúil é raon feidhme na leasuithe sin agus chun tagairtí teanga nua a thabhairt isteach maidir leis na tíortha sin agus chun a n-ainmneacha tíre a chur isteach sna doiciméid ráthaíochta sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

Na cinntí ó na Comhchoistí AE-TCI lena n-iarrtar ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin agus na cinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, beidh na cinntí sin ina gceangal ar na Páirtithe Conarthacha i gcomhréir le hAirteagal 3 de na Cinntí, lena bhforáiltear go dtiocfaidh ‘an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha’.

I gcomhréir le hAirteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus i gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, is iad na Páirtithe Conarthacha a chuirfidh cinntí den chineál seo i bhfeidhm i gcomhréir lena gcuid reachtaíochta féin.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Tá an seasamh atá beartaithe fabhrach d’iarraidh ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin agus fabhrach do na hoiriúnuithe teicniúla is gá a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

I dTeachtaireacht 2001[4] ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis chun tíortha is iarrthóirí a ullmhú le haghaidh aontachas le Coinbhinsiúin AE-TCI 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach agus maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus ina dhiaidh sin i Teachtaireacht 2010[5] ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le Straitéis chun tíortha comharsanacha áirithe a ullmhú le haghaidh aontachas leis an dá Choinbhinsiún agus leis na Conclúidí ón gComhairle an 14 Aibreán 2011[6] lena ndeimhnítear an cur chuige, déantar foráil maidir le tacaíocht le haghaidh roinnt tíortha ina n-iarrachtaí dul isteach sna Coinbhinsiúin. Tá an Mholdóiv agus Montainéagró i measc na dtíortha sin.

Is é an aidhm atá ann an trádáil idir an Mholdóiv agus Montainéagró, an tAontas Eorpach agus tíortha comhchoiteanna idirthurais eile a éascú, agus a áirithiú go nglacfaidh an Comhchoiste AE-TCI na hathruithe teicniúla uile is gá ar an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach chun an nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach idir an Mholdóiv agus Montainéagró agus páirtithe conarthacha eile a chur chun feidhme.

Ba cheart tairbhí suntasacha nithiúla do thrádálaithe agus do riaracháin chustaim a bheith ann mar thoradh ar na hiarrataí sin agus ar na leasuithe teicniúla a eascraíonn astu trí fhoirmiúlachtaí idirthurais agus custaim a shimpliú, trí chostais a laghdú agus trí ghluaiseacht earraí a éascú, agus d'fhéadfadh siad trádáil a mhéadú.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún don Chomhairle go nglacfadh an tAontas seasamh fabhrach maidir le haontachas Phoblacht na Moldóive agus Mhontainéagró leis na Coinbhinsiúin.

Tá na cinntí atá beartaithe comhsheasmhach le beartais an Aontais Eorpaigh i réimsí na trádála agus an iompair.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Le hAirteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus le hAirteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, trí bhíthin cinnidh, ordaítear do na Comhchoistí AE-TCI iarraidh, ar thríú tír, de réir bhrí Airteagal 1(2) agus Airteagal 3(1)(c) faoi seach, aontú do na Coinbhinsiúin.

Le hAirteagal 15(3)(a) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, ordaítear don Chomhchoiste AE-TCI leasuithe ar Fhoscríbhinní an Choinbhinsiúin a ghlacadh trí bhíthin cinnidh.

---

[4] COM(2001) 289 final
[5] COM(2010) 668 final
[6] 8636/11.

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[7].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad na Comhchoistí AE-TCI a bunaíodh le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú agus le hAirteagal 14 den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

Na Cinntí a iarrtar ar Chomhchoistí AE-TCI a ghlacadh, is gníomh iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh na Cinntí sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 15 den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú agus le hAirteagal 20 den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta do na cinntí atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is le comhbheartas tráchtála a bhaineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach atá leis na cinntí atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, an bunús dlí ba cheart a bheith leis na cinntí atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Tar éis a nglactha, foilseofar na Cinntí ó na Comhchoistí AE-TCI dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[7] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2025/0208 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh (AE) sa Chomhchoiste AE-Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais (TCI) a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, agus sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 i dtaca le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin sin agus a mhéid a bhaineann le glacadh na gcinntí lena leasaítear an Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach tar éis do Phoblacht na Moldóive agus do Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún sin.**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú[8] agus Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach[9] ('na Coinbhinsiúin'), is amhlaidh a tugadh i gcrích iad idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne, Poblacht na hÍoslainne, Ríocht na hIorua, Ríocht na Sualainne agus Cónaidhm na hEilvéise an 20 Bealtaine 1987, agus gur ar an 1 Eanáir 1988 a tháinig siad i bhfeidhm.

(2) Chuir Poblacht na Moldóive agus Montainéagró in iúl gur mhian leo aontú do na Coinbhinsiúin a luaithe a bheidh na ceanglais le haghaidh a n-aontachais comhlíonta acu.

(3) De bhun Airteagal 11(3) den Choinbhinsiún maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, féadfaidh an Comhchoiste AE-Tíortha Comhchoiteanna Idirthurais (TCI) arna bhunú leis an gCoinbhinsiún sin iarrataí ar thríú tíortha aontú don Choinbhinsiún sin a ghlacadh trí bhíthin cinnidh.

(4) De bhun Airteagal 15(3) den Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, féadfaidh an Comhchoiste AE-TCI arna bhunú leis an gCoinbhinsiún sin iarrataí ar thríú tíortha aontú don Choinbhinsiún sin a ghlacadh trí chinneadh.

(5) De bhun Airteagal 15(3)(a) den Choinbhinsiún, féadfaidh an Comhchoiste AE-TCI um earraí faoi bhealach, a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún sin ('an Comhchoiste'),

---

8 IO L 134, 22.5.1987, lch. 2.

9 IO L 226, 13.8.1987, lch. 2.

leasuithe ar fhoscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a ghlacadh trí bhíthin cinntí. Le haontachas Phoblacht na Moldóive agus aontachas Mhontainéagró leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, beidh gá leis na doiciméid ráthaíochta faoi seach a oiriúnú, agus a mhéid a bhaineann le Montainéagró, beidh gá le téarmaí teicniúla áirithe Montainéigrise a chur isteach.

(6) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna Comhchoistí, a bunaíodh leis na Coinbhinsiúin, is iomchuí an seasamh sin a bhunú, ós rud é, maidir leis na cinntí i dtaca le hiarraidh ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin, agus i dtaca leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta um earraí faoi bhealach a leasú, go mbeidh na cinntí sin ceangailteach ar an Aontas.

(7) Leis na Coinbhinsiúin, áiritheofar nósanna imeachta éifeachtúla um thrasnú teorann idir an Mholdóiv agus Montainéagró agus na páirtithe sna Coinbhinsiúin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sna Comhchoistí a bunaíodh leis na Coinbhinsiúin, a bheith fabhrach (1) do na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú do na Coinbhinsiúin sin agus a bheith fabhrach (2) do leasú a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta um earraí faoi bhealach dá réir, agus ba cheart é a bheith bunaithe ar na dréachtchinntí lena léirítear an seasamh sin.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 11a agus le hAirteagal 15a faoi seach de na Coinbhinsiúin, tá tríú tír le dul isteach mar pháirtí conarthach, arna iarraidh sin uirthi, trí ionstraim aontachais a chur isteach agus tiocfaidh an t-aontachas sin i bhfeidhm ar an gcéad lá den dara mí tar éis don tríú tír an ionstraim aontachais a chur isteach.

(10) Ós rud é go leasófar an Coinbhinsiún le Cinnti an Chomhchoiste, is iomchuí iad a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar éis a nglactha.

(11) Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais ar an gComhchoiste, i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Ba cheart seasamh an Aontais maidir leis an leasú atá beartaithe a bheith bunaithe ar an dréacht-Chinneadh atá i gceangal.

(12) Chun aontachas tráthúil Phoblacht na Moldóive agus Mhontainéagró a éascú, is gá an dréachtchinneadh seo a ghlacadh gan mhoill,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le foirmiúlachtaí i leith trádáil earraí a shimpliú, a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún sin, bunófar é ar na Dréachtchinntí ón gComhchoiste sin a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste AE-TCI a bunaíodh le Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, a mhéid a bhaineann leis na hiarrataí ar Phoblacht na Moldóive agus ar Mhontainéagró aontú don Choinbhinsiún sin, agus a mhéid a bhaineann leis na leasuithe

teicniúla a eascraíonn astu, bunófar é ar an Dréachtchinntí ón gComhchoiste sin a leagtar amach in Iarscríbhinní II, III, V agus VI a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tar éis a nglactha, foilseofar na cinntí ó na Comhchoistí dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*